2025/2616

19.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2616 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2025

maidir le sainordú an Chomhordaitheora Eorpaigh um thionscadal Shioncronú na stát Baltach arna ainmniú le Cinneadh (AE) 2024/3223 a athnuachan

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin sioncrónú le Líonraí Mhór-Roinn na hEorpa an 9 Feabhra 2025. Ba iad sin na trí Bhallstát dheireanacha a raibh a líonraí leictreachais ag brath ar thríú tíortha (an Rúis agus an Bhealarúis).

(2) Thacaigh an Coimisiún go leanúnach le tionscadal shioncrónú na stát Baltach ar an leibhéal is airde mar thosaíocht le breis agus 12 bhliain anuas. Tá an tionscadal sin ar cheann de phríomhréimsí oibre agus spriocanna insoláthartha an Ghrúpa Ardleibhéil um an bPlean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach a bhfuil dlúthmhaoirseacht á déanamh aige ar a chur chun feidhme ar leibhéal na n-oifigeach teicniúil agus sinsearach ó bhí 2015 ann.

(3) Is tionscadal leasa choitinn é tionscadal shioncronú na stát Baltach atá ar liosta an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/869. Tá na hinfheistíochtaí a bhaineann leis an tionscadal i mbraisle 3.3: 'Córas leictreach na Stát Baltach a chomhtháthú agus a shioncronú le líonraí na hEorpa'.

(4) I bhfianaise thábhacht an tionscadail, d'ainmnigh an Coimisiún an Comhordaitheoir Eorpach le haghaidh thionscadal Shioncronú na stát Baltach le Cinneadh (AE) 2024/3223 ([2]).

(5) Chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún leanúint den tacaíocht is gá a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na tionscnóirí tionscadail lena mbaineann, is gá sainordú an Chomhordaitheora Eorpaigh thiomnaithe um thionscadal Shioncrónú na stát Baltach a athnuachan ar feadh bliain amháin.

(6) An duine arna ainmniú le Cinneadh (AE) 2024/3223, Catharina Sikow-Magny, tá feidhmíocht shásúil bainte amach aici le linn a sainordaithe reatha.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2022/869, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit a bhfuil baint acu le sioncronú na stát Baltach, mar atá, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn, agus chuir siad in iúl go n-aontaíonn siad le hathnuachan shainordú an Chomhordaitheora Eorpaigh reatha Catharina Sikow-Magny.

(8) I gcomhthéacs dheireadh shainordú an Chomhordaitheora Eorpaigh reatha atá ag teannadh linn agus an ghá leis an leanúnachas a áirithiú, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2024/3223 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2024 lena n-ainmnítear an Comhordaitheoir Eorpach um thionscadal leasa choitinn shioncronú na stát Baltach, agus lena leagtar síos na socruithe mionsonraithe maidir le comhlíonadh a misin agus a gcúraimí (IO L, 2024/3223, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3223/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar sainordú Catharina Sikow-Magny mar an Comhordaitheoir Eorpach um thionscadal Shioncronú na stát Baltach, arna ainmniú le Cinneadh (AE) 2024/3223, a athnuachan go ceann tréimhse bliana ón 21 Nollaig 2025 go dtí an 20 Nollaig 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN